1. 32021 R 0690: Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'íomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 652/2014 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 1).

#### GNÍOMHARTHA A THABHARFAIDH NA PÁIRTITHE COMHLACHAITHE DÁ nAIRE

#### AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

1. 32016 R 0679: Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

## RIALACHÁN EORPACH MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

1. 32018 R 1725: Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).
2. 32019 D 2071: Cinneadh (AE) 2019/2071 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2019 lena gceaptar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (IO L 316 I, 6.12.2019, lch. 1).

## CAIBIDIL 2

### RÚNDACHT STAIRIMH

#### GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

1. 32006 R 1367: Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail (IO L 264, 25.9.2006, lch. 13), arna leasú le:
  - 32021 R 1767: Rialachán (AE) 2021/1767 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 (IO L 356, 8.10.2021, lch. 1).
2. 32016 D 0128(02): Cinneadh ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an 3 Nollaig 2015 lena mbunaítear grúpa comhairleach seachtrach maidir leis na gnéithe eiticíúla de chosaint sonraí (“an Grúpa Comhairleach um Eitic”) (IO C 33, 28.1.2016, lch. 1).

#### GNÍOMHARTHA A THABHARFAIDH NA PÁIRTITHE COMHLACHAITHE DÁ nAIRE

1. Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh le haghaidh na nÚdarás Staidrimh Náisiúnta agus Eurostat (údarás staidrimh an Aontais Eorpaigh), arna ghlacadh ag an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach an 16 Samhain 2017.

## CAIBIDIL 3

### STADREAMH GNÓ

#### GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

1. 32019 R 2152: Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n- aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2019/2152, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Caibidil V de Rialachán (AE) 2019/2152.

2. 32020 R 1030: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1030 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí le haghaidh na topaice “úsáid TCF agus ríomhthráchtáil” le haghaidh na bliana tagartha 2021, de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 227, 16.7.2020, lch. 12).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1030, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1030.

3. 32020 R 1197: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2020 lena leagtar síos na sonraíochtaí agus socrúithe teicniúla de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh gnó Eorpach lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 271, 18.8.2020, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) Ní bheidh feidhm ag Cuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197, seachas i gcás na hathróa a liostaítear i gCuid A den Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;
- (b) Ní bheidh feidhm ag Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197, seachas i gcás na hathróa a liostaítear i gCuid B den Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

4. 32022 R 0918: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí le haghaidh na topaice “Slabhraí Luacha Domhanda” de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 159, 14.6.2022, lch. 43).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918.

5. 32021 R 1190: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1190 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2021 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí le haghaidh na topaice “úsáid TCF agus ríomhthráchtáil” le haghaidh na bliana tagartha 2022, de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 258, 20.7.2021, lch. 28).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1190, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1190.

6. 32022 R 1344: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1344 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí le haghaidh na topaice úsáid TCF agus ríomhthráchtáil le haghaidh na bliana tagartha 2023, de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 182, 19.7.2023, lch. 100).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1344, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1344.

7. 32020 R 1470: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hainmníocht na dtíortha agus na gcríoch le haghaidh an staidrimh Eorpaigh maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí agus maidir leis an mionscagadh geografach i ndáil le staidreamh gnó eile (IO L 334, 13.10.2020, lch. 2).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1470, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) 2020/1470.

8. 32021 R 1704: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1704 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú breise a dhéanamh ar mhionsonraí na faisnéise staitistiúla atá le cur ar fáil ag údarais chánach agus chustaim agus lena leasaítear Iarscríbhinní V agus VI (IO L 339, 24.9.2021, lch. 33).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1704, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1704.

9. 32021 R 1225: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1225 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2021 lena sonraítear na socruithe le haghaidh na malartuithe sonraí de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún, a mhéid a bhaineann leis an mBallstát onnmhairíochta lasmuigh den Aontas agus oibleagáidí na n-aonad tuairiscithe (IO L 269, 28.7.2021, lch. 58).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1225, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1225.

10. 32022 R 1092: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1092 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas sonraí maidir leis an topaic “Nuálaíocht” de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 176, 1.7.2022, lch. 10).

11. 32022 R 2552: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2552 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas sonraí i ndáil le mionábhar an staidrimh maidir le táirgeadh tionsclaíoch lena mbunaítear miondealú aicmiúcháin ar tháirgí tionsclaíocha, de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún, a mhéid a bhaineann le cumhdach an aicmithe táirgí (IO L 336, 29.12.2022, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2552, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2552.

## CAIBIDIL 4

### STADREAMH TURASÓIREACHTA

#### GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

1. 32011 R 0692: Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht agus lena n-aisghairtear Treoir 95/57/CE ón gComhairle (IO L 192, 22.7.2011, lch. 17), arna leasú le:
  - 32013 R 0253: Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 253/2013 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2013 (IO L 79, 21.3.2013, lch. 5),
  - 32019 R 1681: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1681 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 (IO L 258, 9.10.2019, lch. 1),
  - 32020 R 1569: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1569 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2020 (IO L 359, 29.10.2020, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 692/2011, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 692/2011.

2. 32011 R 1051: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1051/2011 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Staidreamh Eorpach ar thurasóireacht, a mhéid a bhaineann le struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta agus tarchur na sonraí. (IO L 276, 21.10.2011, lch. 13), arna leasú le:

- 32013 R 0081: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 81/2013 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2013 (IO L 28, 30.1.2013, lch. 1),
- 32021 R 1179: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1179 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 (IO L 256, 19.7.2021, lch. 89).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1051/2011, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1051/2011.

## CAIBIDIL 5

### STADREAMH IOMPAIR

#### GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

#### ROINN A

#### AER

1. 32003 R 0437: Rialachán (CE) Uimh. 437/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le tuairisceáin staidrimh i leith paisinéirí, lastas agus post a iompar d'aer (IO L 66, 11.3.2003, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 437/2003, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 437/2003.

2. 32003 R 1358: Rialachán (CE) Uimh. 1358/2003 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2003 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 437/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisceáin staidrimh i leith paisinéirí, lastas agus post a iompar d'aer i bhfeidhm agus lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II leis sin (IO L 194, 1.8.2003, lch. 9), arna leasú le:

- 32005 R 0546: Rialachán (CE) Uimh. 546/2005 ón gCoimisiún an 08 Aibreán 2005 (IO L 91, 9.4.2005, lch. 5),
- 32007 R 0158: Rialachán (CE) Uimh. 158/2007 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2007 (IO L 49, 17.2.2007, lch. 9).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1358/2003, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1358/2003.

3. 32005 R 0546: Rialachán (CE) Uimh. 546/2005 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2005 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 437/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leithdháileadh cód tír thuairiscithe agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1358/2003 ón gCoimisiún maidir leis an liosta aerfort Comhphobail a thabhairt cothrom le dáta (IO L 91, 9.4.2005, lch. 5).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 546/2005, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 546/2005.

4. 32013 R 0517: Rialachán (AE) Uimh. 517/2013 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena n-oiriúnaítear rialacháin agus cinntí áirithe i réimsí na saorghluaiseachta earraí, na saorghluaiseachta daoine, dhlí na gcuideachtaí, an bheartais iomaíochta, na talmhaíochta, na sábháilteachta bia, an bheartais tréidliachta agus fiteashláintíochta, an bheartais iompair, an fhuinnimh, an chánachais, an staidrimh, na ngréasán tras-Eorpach, na mbreithiúna agus na gceart bunúsach, an cheartais, na saoirse agus na slándála, an chomhshaoil, an aontais custaim, an chaidrimh sheachtraigh, an bheartais eachtraigh, slándála agus cosanta agus na n-institiúidí, de bharr aontachas Phoblacht na Cróite (IO L 158, 10.6.2013, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 517/2013, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 517/2013.

## ROINN B

### UISCEBHEALAÍ INTÍRE

1. 32018 R 0974: Rialachán (AE) 2018/974 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre (IO L 179, 16.7.2018, lch. 14).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2018/974, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/974.

## ROINN C

### IARNRÓD

1. 32018 R 0643: Rialachán (AE) 2018/643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród (IO L 112, 2.5.2018, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2018/643, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/643.

2. 32007 R 0332: Rialachán (CE) Uimh. 332/2007 ón gCoimisiún an 27 Márta 2007 maidir leis na socrúithe teicniúla chun staidreamh i ndáil le hiompar iarnróid a tharchur (IO L 88, 29.3.2007, lch. 16).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 332/2007, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 332/2007.

## ROINN D

## BÓTHAR

1. 31993 D 0704: Cinneadh 93/704/CE ón gComhairle an 30 Samhain 1993 maidir le bunachar sonraí Comhphobail maidir le tionóiscí bóthair a chruthú (IO L 329, 30.12.1993, lch. 63).

Léifear forálacha Chinneadh 93/704/CE, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

I gcás Andóra, cuirfear na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Chinneadh 93/704/CE in iúl den chéad uair an bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. 32001 R 2163: Rialachán (CE) Uimh. 2163/2001 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2001 maidir leis na socruithe teicniúla chun sonraí a tharchur i gcomhair staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar (IO L 291, 8.11.2001, lch. 13).
3. 32003 R 0006: Rialachán (CE) Uimh. 6/2003 ón gCoimisiún an 30 Nollaig 2002 maidir le scaipeadh staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar (IO L 1, 4.1.2003, lch. 45), arna leasú le:
  - 32010 R 0202: Rialachán (AE) Uimh. 202/2010 ón gCoimisiún an 10 Márta 2010 (IO L 61, 11.3.2010, lch. 24).
4. 32004 R 0642: Rialachán (CE) Uimh. 642/2004 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2004 maidir le ceanglais bheachtais le haghaidh sonraí arna mbailiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1172/98 ón gComhairle maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar (IO L 102, 7.4.2004, lch. 26).
5. 32012 R 0070: Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar (IO L 32, 3.2.2012, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 70/2012, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

I gcás Andóra, deonófar rogha gan a bheith páirteach i gcur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 go dtí go sroichfidh Andóra an tairseach dá bhforáiltear sa Rialachán sin i dtéarmaí líon na dtucailí.

6. 32013 R 0517: Rialachán (AE) Uimh. 517/2013 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena n-oiriúnaítear rialacháin agus cinntí áirithe i réimsí na saorghluaiseachta earraí, na saorghluaiseachta daoine, dhlí na gcuideachtaí, an bheartais iomaíochta, na talmhaíochta, na sábháilteachta bia, an bheartais tréidliachta agus fíteashláintíochta, an bheartais iompair, an fhuinnimh, an chánachais, an staidrimh, na ngréasán tras-Eorpach, na mbreithiúna agus na gceart bunúsach, an cheartais, na saoirse agus na slándála, an chomhshaoil, an aontais custaim, an chaidrimh sheachtraigh, an bheartais eachtraigh, slándála agus cosanta agus na n-institiúidí, de bharr aontachas Phoblacht na Cróite (IO L 158, 10.6.2013, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 517/2013, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

I gcás Andóra, deonófar rogha gan a bheith páirteach i gcur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 517/2013 go dtí go sroichfidh Andóra an tairseach dá bhforáiltear sa Rialachán sin i dtéarmaí líon na dtrucailí.

## ROINN E

### AN MHUIR

1. 32009 L 0042: Treoir 2009/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí agus paisinéirí de mhuir (IO L 141, 6.6.2009, lch. 29), arna leasú le:
- 32010 R 1090: Rialachán (AE) Uimh. 1090/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 (IO L 325, 9.12.2010, lch. 1),
  - 32010 D 1090: Cinneadh 2010/216/AE ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2010 (IO L 94, 15.4.2010, lch. 33),

- 32012 D 0186: Cinneadh Tarmligthe 2012/186/AE ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2012 (IO L 101, 11.4.2012, lch. 5).

Léifear forálacha Threoir 2009/42/CE, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Treoir 2009/42/CE.

2. 32018 D 01007: Cinneadh Tarmligthe (AE) 2018/1007 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2018 lena bhforlíontar Treoir 2009/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na gcalafort agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/861/CE ón gCoimisiún (IO L 180, 17.7.2018, lch. 29).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2018/1007, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2018/1007.

3. 32001 D 0423: Cinneadh 2001/423/CE ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2001 maidir le socruithe le haghaidh fhoilsiú nó scaipeadh na sonraí staidrimh arna mbailiú de bhun Threoir 95/64/CE ón gComhairle maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí agus paisinéirí de mhuir (IO L 151, 7.6.2001, lch. 41).

Léifear forálacha Chinneadh 2001/423/CE, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Cinneadh 2001/423/CE.

## CAIBIDIL 6

### STADREAMH DAONRA AGUS DÁLAÍ SÓISIALTA

#### GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

#### ROINN A

#### DAONÁIRIMH AGUS ÁIRIMH THITHÍOCHTA

1. 32008 R 0763: Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta (IO L 218, 13.8.2008, lch. 14).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 763/2008, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ach ar an leibhéal náisiúnta.

2. 32009 R 1201: Rialachán (CE) Uimh. 1201/2009 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2009 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla na dtopaicí agus lena miondealuithe (IO L 329, 15.12.2009, lch. 29).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1201/2009, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1201/2009 ach ar an leibhéal náisiúnta.

3. 32010 R 0519: Rialachán (AE) Uimh. 519/2010 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2010 lena nglactar an clár sonraí staidrimh agus meiteashonraí le haghaidh daonáireamh agus áirimh thithíochta dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 151, 17.6.2010, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 519/2010, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 519/2010 ach ar an leibhéal náisiúnta.

4. 32010 R 1151: Rialachán (AE) Uimh. 1151/2010 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2010 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta, a mhéid a bhaineann le módúlachtaí agus struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta agus leis an bhformáid theicniúil chun sonraí a tharchur (IO L 324, 9.12.2010, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1151/2010, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1151/2009 ach ar an leibhéal náisiúnta.

5. 32017 R 0543: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/543 ón gCoimisiún an 22 Márta 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla na dtopaicí agus lena miondealuithe (IO L 78, 23.3.2017, lch. 13).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/543, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/543 ach ar an leibhéal náisiúnta.

6. 32017 R 0712: Rialachán (AE) 2017/712 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena mbunaítear an bhliain tagartha agus clár sonraí staidrimh agus na meiteashonraí le haghaidh daonáirimh agus áirimh thithíochta dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 105, 21.4.2014, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 2017/712, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 2017/712 ach ar an leibhéal náisiúnta.

7. 32017 R 0881: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/881 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta, a mhéid a bhaineann le módúlachtaí agus struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta agus na formáide teicniúla le haghaidh tarchur sonraí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2010 (IO L 135, 24.5.2017, lch. 6).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/881, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/881 ach ar an leibhéal náisiúnta.

8. 32018 R 1799: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1799 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2018 maidir le gníomhaíocht staidrimh dhíreach shealadach a bhunú chun topaicí roghnaithe dhaonra agus áireamh tithíochta 2021 a scaipeadh agus iad geochódaithe go greille 1 km<sup>2</sup> (IO L 296, 22.11.2018, lch. 19).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2018/1799, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Feidhme (AE) Uimh. 2018/1799 ach ar an leibhéal náisiúnta.

## ROINN B

### DÉIMEAGRAFAÍOCHT

1. 32013 R 1260: Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le staidreamh déimeagrafach Eorpach (IO L 330, 10.12.2013, lch. 39).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 1260/2013, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) Tá Andóra díolmhaithe ó shonraí a sholáthar ar ordú breithe beo.
- (b) Ní bheidh feidhm ag Airteagal.

2. 32014 R 0205: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 205/2014 ón gCoimisiún an 4 Márta 2014 lena leagtar síos coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh déimeagrafach Eorpach, a mhéid a bhaineann le miondealuithe ar shonraí, sprioc-amanna agus athbheithnithe sonraí (IO L 65, 5.3.2014, lch. 10).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 205/2014, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) Tá Andóra díolmhaithe ó sonraí a sholáthar ar ordú breithe beo:
- (b) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4.

## ROINN C

### STADREAMH A BHAINNEANN LE DAOINE AGUS LE TEAGHLAIGH (BUNAITHE AR SHAMPLAÍ) DO NA FEARAINN: LUCHT SAOTHAIR, IONCAIM AGUS DÁLAÍ MAIREACHTÁLA, AN tSLÁINTE, AN tOIDEACHAS AGUS AN OILIÚINT, ÚSÁID NA dTEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE, ÚSÁID AMA, AN TOMHALTAS

1. 32019 R 1700: Rialachán (AE) Uimh. 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar sonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle (IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2019/1700, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) 2019/1700.

2. 32019 R 2180: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2180 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena sonraítear na socrúithe mionsonraithe agus an t-inneachar le haghaidh na dtuarascálacha cáilíochta de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 330, 20.12.2019, lch. 8).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/2180, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/2180.

3. 32019 R 2181: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2181 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena sonraítear saintréithe teicniúla a mhéid a bhaineann le míreanna is coiteann do thacair sonraí éagsúla de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 330, 20.12.2019, lch. 16).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/2181, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/2181.

4. 32020 R 0256: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí phleanáil rollach ilbhliantúil a bhunú (IO L 54, 26.2.2020, lch. 1), arna leasú le:
- 32020 R 2175: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2175 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2020 (IO L 433, 22.12.2020, lch. 20),
  - 32023 R 0167: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/167 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2022 (IO L 24, 26.1.2023, lch. 3).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/256, chun críocho an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/256.

5. 32020 R 0257: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/257 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg le haghaidh réimse an lucht saothair a shonrú (IO L 54, 26.2.2020, lch. 9).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/257, chun críocho an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/257.

6. 32019 R 2240: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2240 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla chun faisnéis a tharchur agus lena sonraítear socruithe mionsonraithe agus inneachar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé shamplaigh i réimse an lucht saothair i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 336, 30.12.2019, lch. 59).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/2240, chun críocho an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/2240 ach ar an leibhéal náisiúnta.

7. 32019 R 2241: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2241 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena dtugtar cur síos ar athróga agus fad, ceanglais cháilíochta agus leibhéal mionsonraí na n-amshraitheanna le haghaidh tharchur sonraí míosúla faoin dífhostaíocht de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 336, 30.12.2019, lch. 125).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/2241, chun críocho an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/2241 ach ar an leibhéal náisiúnta.

8. 32020 R 1640: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1640 ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uimhir agus teideal na n-athróg a shonrú d'ábhar ad hoc 2022 maidir le 'scileanna oibre' agus na n-athróg ocht mbliana maidir le 'pinsean agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair' i réimse an lucht saothair (IO L 370, 6.11.2020, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/1640, chun críoche an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/1640 ach ar an leibhéal náisiúnta.

9. 32020 R 1642: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1642 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2020 lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí d’ábhar ad hoc 2022 maidir le ‘scileanna oibre’ agus na n-athróg ocht mbliana maidir le ‘pinsean agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair’ i réimse an lucht saothair i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 370, 6.11.2020, lch. 9).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1642, chun críoche an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1642 ach ar an leibhéal náisiúnta.

10. 32022 R 2447: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2447 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana i réimse an lucht saothair a shonrú maidir le “daoine óga i margadh an tsaothair”, “gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh” agus “saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh” (IO L 320, 14.12.2022, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/2447, chun críoche an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/2447.

11. 32022 R 2312: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2312 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2022 maidir le hathrógá ocht mbliana i bhfearann an lucht saothair maidir le “daoine óga i margadh an tsaothair”, “gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh” agus “saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh” de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 307, 28.11.2022, lch. 34).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/2312, chun críoche an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/2312.

12. 32020 R 0258: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/258 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg le haghaidh réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála a shonrú (IO L 54, 26.2.2020, lch. 16).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/258, chun críoche an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/258.

13. 32019 R 2242: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2242 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena sonraítear na míreanna teicniúla de thacair sonraí, lena mbunaítear formáidí teicniúla agus lena sonraítear socruithe mionsonraithe agus inneachar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé samplach i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 336, 30.12.2019, lch. 133).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/2242, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/2242.

14. 32020 R 1721: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1721 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2020 lena sonraítear míreanna teicniúla tacar sonraí an tsuirbhé shamplaigh i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála maidir le sláinte agus cáilíocht saoil de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 386, 18.11.2020, lch. 9).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1721, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1721.

15. 32021 R 0466: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/466 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú do réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála ar an tsláinte agus ar an gcaighdeán maireachtála atá ag na daoine (IO L 96, 19.3.2021, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2021/466, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2021/466.

16. 32022 R 0029: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/29 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uimhir agus teideal na n-athróg a shonrú i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála maidir le Margadh an tsaothair agus leis an tithíocht, Tarchur buntáistí agus míbhuntáistí ó ghlúin go glúin, Deacrachtaí tithíochta, agus ábhar ad hoc 2023 i dtaca le hÉifeachtúlacht fuinnimh an teaghlaigh (IO L 7, 12.1.2022, lch. 1)

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/29, chun críoche an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/29.

17. 32021 R 2052: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2052 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2021 lena sonraítear míreanna teicniúla tacar sonraí an tsuirbhé samplaigh i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála maidir le Margadh an tsaothair agus leis an tithíocht, le Tarchur buntáistí agus míbhuntáistí ó ghlúin go glúin, le Deacrachtaí tithíochta mar aon le hábhar ad hoc 2023 maidir le hÉifeachtúlacht fuinnimh an teaghlaigh de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 420, 25.11.2021, lch. 23).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/2052, chun críoche an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/2052.

18. 32023 R 0212: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/212 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú maidir le rochtain ar sheirbhísí i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála (IO L 30, 2.2.2023, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2023/212, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2023/212.

19. 32022 R 2498: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2498 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2022 lena sonraítear míreanna teicniúla tacar sonraí an tsuirbhé shamplaigh i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála maidir le rochtain ar sheirbhísí de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 325, 20.12.2022, lch. 16).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/2498, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/2498.

20. 32021 R 0859: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/859 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg don tacar sonraí i bhfearann an oideachais agus na hoiliúna a shonrú (IO L 190, 31.5.2021, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2021/859, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2021/859.

21. 32021 R 0861: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/861 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2021 lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí agus lena mbunaítear na formáidí teicniúla chun faisnéis a tharchur maidir le heagrú suirbhé shamplaigh i bhfearann an oideachais agus na hoiliúna de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 190, 31.5.2021, lch. 25).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/861, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/861.

22. 32020 R 1432: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1432 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis na sonraí i dtaca le fearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2021 (IO L 331, 12.10.2020, lch. 4).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/1432, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/1432.

23. 32020 R 1013: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1013 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2020 lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla maidir le faisnéis a tharchur, agus lena sonraítear na socruithe mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé shamplaigh i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, le haghaidh na bliana tagartha 2021 de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 237, 22.7.2020, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1013, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1013.

24. 32021 R 1898: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1898 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis na sonraí i dtaca le fearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2022 (IO L 387, 3.11.2021, lch. 58).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2021/1898, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2021/1898.

25. 32021 R 1223: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1223 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2021 lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla maidir le faisnéis a tharchur, agus lena sonraítear na socruithe mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé shamplaigh i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, le haghaidh na bliana tagartha 2022 de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 28.7.2021, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/1223, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/1223.

26. 32022 R 2279: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2279 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir le fearann úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2023 (IO L 301, 22.11.2022, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/2279, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/2279.

27. 32022 R 1399: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1399 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla maidir le faisnéis a tharchur, agus lena sonraítear na socruithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé shamplaigh i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, le haghaidh na bliana tagartha 2023 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 213, 16.8.2022, lch. 13).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/1399, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/1399.

28. 32023 R 0126: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/126 ón gCoimisiún An 21 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg i ndáil le fearann an tomhaltais a shonrú (IO L 17, 19.1.2023, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2023/126, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2023/126.

29. 32022 R 2094: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2094 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2022 lena sonraítear míreanna teicniúla na dtacar sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla maidir le tarchur faisnéise, agus lena sonraítear na socruithe mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé shamplaigh i réimse an tomhaltais de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 281, 31.10.2022, lch. 23).

Léifear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/2094, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/2094.

## ROINN D

### OIDEACHAS

1. 32008 R 0452: Rialachán (CE) Uimh. 452/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 i ndáil le staidreamh maidir le hoideachas agus le foghlaim ar feadh an tsaoil a tháirgeadh agus a fhorbairt (IO L 145, 4.6.2008, lch. 227), arna leasú le:
  - 32019 R 1700: Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 (IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 452/2008, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 452/2008, seachas i gcás na sonraí maidir leis an mbunleibhéal agus maidir leis an meánleibhéal níos ísle.

2. 32013 R 0912: Rialachán (AE) Uimh. 912/2013 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2013 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 452/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh agus forbairt staidrimh i ndáil le hoideachas agus le foghlaim ar feadh an tsoil, maidir le staidreamh i ndáil le córais oideachais agus oiliúna (IO L 252, 24.9.2013, lch. 5).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 912/2013, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 seachas i gcás tharchur mhapáil chomhtháite an Aicmithe Idirnáisiúnta Chaighdeánaigh ar an Oideachas (ISCED) ar chláir agus ar cháilíochtaí náisiúnta.

## ROINN E

### SLÁINTE PHOIBLÍ AGUS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT AG AN OBAIR

1. 32008 R 1338: Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair (IO L 354, 31.12.2008, lch. 70), arna leasú le:
  - 32019 R 1700: Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 (IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008, seachas i gcás staidreamh i dtaca le cúram sláinte (Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin).

2. 32011 R 0328: Rialachán (AE) Uimh. 328/2011 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair, a mhéid a bhaineann le staidreamh maidir le cúiseanna báis (IO L 90, 6.4.2011, lch. 22).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 328/2011, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 328/2011.

3. 32011 R 0349: Rialachán (AE) Uimh. 349/2011 ón gCoimisiún an 11 Aibreán 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair, a mhéid a bhaineann le staidreamh maidir le cúiseanna báis (IO L 97, 12.4.2011, lch. 3).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 349/2011, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 328/2011.

4. 32021 R 1901: Rialachán (AE) 2021/1901 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú cúraim sláinte (IO L 387, 3.11.2021, lch. 110).

